

NUACHTLITIR CHILL CHOMÁIN

Ag ócáid stairiúil i mBéal an Mhuirthead ar an 9ú Lúnasa rinneadh seoladh oifigiúil ar Mhargadh Feirmeoirí Iorrais, an chéad mhargadh dá leithéid riamh sa mbarúntacht. Tá réimse leathan bia atá úr, séasúrach agus caighdeánach ó cheantar Iorrais le fáil sa mhargadh - glasraí, uibheacha cearca agus lachan, ábhar bÁCála, iasc, luibheanna agus plandaí beaga, táirgí feamainne agus miasa réamhullmhaithe san áireamh. Tá tuilleadh faoi seo ar leathanaigh 4-5. Ar mhaith leat Gaeilge a fhoghlaim ón tús nó ar mhaith leat barr feabhas a chur ar an méid atá agat agus cailíocht aitheanta a bhaint amach? Bhuel seo é do sheans. Le haghaidh tuilleadh eolais téigh go dtí leathanach 6.

The 9th August last was a historic day in Erris which marked the official opening of the first ever farmers market Margadh Feirmeoirí Iorrais in Belmullet town. This exciting new venture showcases the variety of fresh, seasonal produce available from within the Erris area, including vegetables, free range hen and duck eggs, home baking, fish, herbs & small plants, seaweed products and prepared dishes. To find out more please turn to pages 4-5.

Would you like to learn Irish from the beginning or improve on the standard you already have and obtain a recognised qualification in the process? Well now you can. To find out more please turn to page 6.

* Nuachtlitir Áitiúil

* A Community Newsletter

* Guth an phobail ar mhaithe leis an bpobal

* Provides a voice for the local community and an update on development issues

San eagrán seo: In this issue

| | |
|----------------------------------|-----|
| Sonraí Teagmhála | 2 |
| Mo Bhaile Féin Art Competition | 3 |
| Cósta Glas / Green Coast Award | 4 |
| Margadh Feirme/Farmers Market | 4-5 |
| Oiliúint / Training | 6-7 |
| Na Siúlóidí / Walking Activities | 7 |
| Scéalta Eile / Other News | 8 |

Foilsithe ag Comhar Dún Chaocháin Teo (i gcomhar le fo-choiste Ghlor na nGael

**Coiste Bainistíochta an Chomharchumainn /
The Management Committee**

Cathaoirleach: Micheál Ó Murchú
Rúnaí: Seán Mac Aindriú
Cisteoir: Máire Cáit Uí Mhurchú
Na baill eile: Micheál Ó Seighin
Micheál de Búrca
Caitlín Uí Sheighin
Séamus Ó Murchú
Uinsíonn Mac Graith

GUTH AN PHOBAIL – HAVE YOUR SAY

Má tá aon tuairimí agat ar ábhar an nuachtlitir seo nó moltaí le haghaidh an chéad eagrán eile ba bhreá linn cloisteáil uait.

We welcome your comments on the items covered in this newsletter and/or any ideas you may have for the next edition.

Déan teagmháil le:-

Treasa Ní Ghearraigh,
Comhar Dún Chaocháin Teo,
An tSeanscoil,
Ceathrú Thaidhg,
Béal an Átha,
Co. Mhaigh Eo

Guthán: 097 88082

Ríomhphoist: dunchaochain1@eircom.net

IONAD EOLAIS / INFORMATION OFFICE

Tá oifig na heagraíochta lonnaithe sa Seanscoil i gCeathrú Thaidhg, áit a bhfuil eolas agus foirmeacha iarratais ar fáil faoi scéimeanna éagsúla mar shampla feabhsú tithíochta, bóithre portaigh, scéim feabhsúcháin áitiúil an Chomhairle Chondae, deiseanna traenála &rl. Tá seirbhísí cóipéala, laminating agus facs le fáil ann chomh maith.

The organisation's office is located in the Seanscoil, Ceathrú Thaidhg, where information and application forms are available on various schemes including home improvement grants, repair of bog roads, training opportunities etc. Photocopying, laminating and fax services are also available here.

BAILL NUA / NEW MEMBERS

Má tá spéis agat a bheith i do bhall ar an gcomharchumann agus ionchar níos mó a bheith agat ar chúrsaí forbartha na háite déan teagmháil le Treasa le haghaidh tuilleadh eolais.

If you would like to become a member of the comharchumann and have a greater input into the overall development of the area please contact Treasa for further information.

COMÓRTAS EALAÍNE / ART COMPETITION

D'eagraigh Comhar Dún Chaocháin Teo, i gcomhar le Coiste Ghlór na nGael, comórtas ealaíne sa cúig bhunscoil i bparóiste Chill Chomáin i mí Bealtaine. Bhí an comórtas bunaithe ar théama 'Mo Bhaile Féin' agus do hiarradh ar na daltaí taighde a dhéanamh ar a mbaile – Cén chaoi a bhfuair sé a ainm? An bhfuil aon rud speisialta faoi? Cén cineál áit é? - agus póstaer A3 a dhearadh a léirigh gné faoi leith den bhaile. 156 dalta a ghlac páirt sa chomórtas ó rang a' naíonáin bheaga suas go dtí rang a' sé. Ba mhaith leis an gcoiste buíochas a ghlacadh leis na muinteoirí agus na daltaí uilig as a sár n-iarrachtaí, le Mary Healy Carter a rinne an moltóireacht, le John Monaghan a thóg grianghraif de na póstaer agus le hÚdarás na Gaeltachta a rinne pairt-urraíocht ar an nduaischiste.

Comhar Dún Chaocháin Teo, in conjunction with Coiste Ghlór na nGael, organized a schools poster competition in the five primary schools in the parish of Cill Chomáin in May. Based on the theme 'Mo Bhaile Féin' pupils were asked to research their village – How did it get its name? Does it have any special feature or item of interest? – and to design an A3 poster which illustrated an aspect of the village. 156 pupils took part in the competition from junior infants up to sixth class. The committee would like to thank the teachers and pupils who took part, the adjudicator Mary Healy Carter, John Monaghan who photographed the posters for publication and Údarás na Gaeltachta who part-sponsored the prize fund.



I measc na mbuaiteoirí (chun tosaigh ó chlé) bhí Aaron Ó Flannabhra agus Éimear Ní Ghallchóir as Scoil Náisiúnta Cheathrú Thaidhg lena múinteoirí Nessa Ní Chiaráin, Elaine Ní Rudaigh agus Bríd Ní Sheighin le Treasa Ní Ghearraigh.



I measc na mbuaiteoirí (chun tosaigh ó chlé) bhí Liadh Nic Graith, Éamonn Ó Maoldhomhnaigh, Jason Mac Domhnaill agus Shannon Ní Dhomhnaill as Scoil Náisiúnta Pholl a' tSómais lena múinteoirí Méadbh Uí Ghallchóir, Aisling Uí Dhomhnaill, agus Máire Uí Dhomhnaill le Treasa Ní Ghearraigh (Comhar Dún Chaocháin Teo).



Bhí Laura Ní Dhomhnaill as Scoil Náisiúnta Ros Dumhach ar dhuine de na buaiteoirí. Tá sí anseo lena múinteoirí Anita Ní hEalaí agus Bn. Uí Chronín.

NÓTA: As láthair tá Aisling Ní Dhomhnaill as Scoil Náisiúnta Ros Dumhach a ghnóthaigh an chéad dhuais i Rannóg na Naíonáin Bheaga agus Naíonáin Mhóra.

Absent from the photos is Aisling Ní Dhomhnaill from Scoil Náisiúnta Ros Dumhach who won the first prize in the Junior and Senior Infants Category.

GRADAM AN CHÓSTA GHLAIS / GREEN COAST AWARD

D'fhógair An tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil John Gormley gradaim an Chósta Ghlais 2008 i mí Meithimh. Tá aitheantas faighte ag cúig thrá i gCondae Mhaigh Eo, ní hamháin ar a nglaineacht ach ar bhainistíocht a n-acmhainní neamhmillteacha cósta chomh maith. Áirítear trá Phort a' Chlóidh i measc na dtránna a bhain an gradam náisiúnta seo amach. D'éirigh leis an trá álainn seo treoracha an Aontas Eorpach i leith chaighdeán uisce a chomhlíonadh agus tá sé beartaithe plean bainistíochta trá a chur i gcrích chun a háilleacht a chaomhnú agus cúrsaí sabháilteachta a fheabhsú. Tá clár timpeallachta an Chósta Ghlais roinnte ina dhá chéim – sé an chéad chéim ná gradam an Chósta Ghlais agus an dara chéim Cúram an Chósta. Sa gcéim seo eagraíonn grúpaí pobail (coiste trá áitiúil) feachtais ghlantacháin, feabhsaíonn siad áiseanna agus feidhmíonn siad mar chosantóirí an chósta.

Minister for the Environment, Heritage and Local Government John Gormley announced the 2008 Green Coast Awards in June. Five Mayo beaches have been recognised, not only for their cleanliness but also for the management of their pristine coastal assets. Among those bestowed with this new national award was Port a' Chlóidh. This beautiful beach met EU guideline water quality and it is proposed to implement a beach management plan to help protect its beauty and enhance safety. Clean Coasts is a two-part environmental programme – the initial stage is the Green Coast award and the second stage is Coast Care. In the latter community groups organise coastal clean ups, improve facilities and act as guardians of the coast.

Further information on the Coast Care Programme is available from Aidan Gray, An Taisce. Tel: 01 4002221

Email: coast1@antaisce.org or visit the website www.cleancoastproject.org

AN SCÉIM SHÓISIALTA TUAITHE

THE RURAL SOCIAL SCHEME

Tá plean oibre timpeallachta an chomarchumainn dá chur i bhfeidhm faoi Scéim Shóisialta Tuaithe Chill Chomáin, atá dá reachtáil ag Cumann Lúthchleas Gael Chill Chomáin faoi scáth Údarás na Gaeltachta. Faoi láthair tá oibreacha athnuachana dá dhéanamh thart ar Thrá Phort a' Chlóidh, atá mar chuid de thionscnamh an chósta ghlais. Chun eolas breise a fháil déan teagmháil

le Pádraig Ó Dochartaigh (saoiste na scéime) ar 087 9785035.

The Cill Chomáin Rural Social Scheme is managed by Cumann Lúthchleas Gael Chill Chomáin under the auspices of Údarás na Gaeltachta and includes an environmental enhancement workplan submitted by Comhar Dún Chaocháin Teo. At present enhancement works are being undertaken at Trá Phort a' Chlóidh as part of the Green Coast initiative. For further information please contact Pádraig Ó Dochartaigh (local supervisor) on 087 9785035.



Balla cloch ag Trá Phort a' Chlóidh

MARGADH FEIRMEOIRÍ IORRAIS / ERRIS FARMERS MARKET

Ag ócáid fíor-speisialta i mBéal an Mhuirthead ar an 9ú Lúnasa rinneadh seoladh oifigiúil ar Mhargadh Feirmeoirí Iorrais. Tar éis don Athair Judge an margadh a bheannú go hoifigiúil, labhair an Comhairleoir Tadhg Ó Cuinn leis an slua mór a bhí bailithe agus dúirt sé gur lá stairiúil a bhí ann mar gheall gurb é seo an chéad mhargadh feirmeoirí riamh i gceantar Iorrais. Mhíniigh fear an tí Seán Ó Ciaráin go ndeachaigh go leor oibre isteach sa tionscadal chun é a thabhairt chun críche agus ghlac sé buíochas leis na daoine agus na heagraisí éagsúla a bhí páirteach san iarracht. Thug sé cuireadh ansin do Nicole Nic Oireachtaigh (pearsa óg Iorrais) an margadh a oscailt go hoifigiúil.

Níos mó ná riamh tá daoine ag léiriú spéise i gcúrsaí bia – an caighdeán, an fhoinsé, an méid míle a thaisteal sé, an chaoi ar táirgíodh é &rI. Tugann an margadh feirmeoirí deis do dhaoine áitiúla dul i mbun táirgíochta agus seans do chaiteoirí bia úr, séasúrach agus caighdeánach a bhlaiseadh. Cuireann an margadh go mór le saol an bhaile agus is ábhar spéise é do mhuintir na

háite, turasóirí agus cuairteoirí araon. Tá réimse leathan bia ó cheantar Iorrais le fáil sa mhargadh - glasraí, uibheacha cearca agus lachan, ábhar bÁCála, iasc, luibheanna agus plandaí beaga, táirgí feamainne agus miasa réamhullmhaithe san áireamh.

Tionscadal comhpháirtíochta forbartha atá ann agus ba mhaith le Margadh Feirmeoirí Iorrais buíochas a ghlacadh le Comhar Iorrais Leader Teo, Comhar Iorrais Teo, Comhairle Chondae Mhaigh Eo, Údarás na Gaeltachta, Comhar Dún Chaocháin Teo, Scéim Shóisialta Tuaithe Bhéal an Mhuirthead/Bhaile Chruaich, Comhairle Pobail an Inbhir, Fís na Muingí-Iorrais, Áisleann Bhéal an Mhuirthead, Comhaltas Ceoltóirí Éireann, Portwest, An tAthair Judge, Pascal Ó Baoighil agus Nicole Nic Oireachtaigh.

Beidh an margadh oscailte chuile Shatharn i gclós Chomhar Iorrais Teo, Sráid an tSéipéil ó 12.00 i.n. ar aghaidh. Tá fáilte roimh chuile dhuine teacht, cupa tae nó caife agus ábhar bÁCála a bhlaiseadh agus labhairt leis na feirmeoirí agus na táirgeoirí áitiúla.

Saturday August 9th marked the official launch of Margadh Feirmeoirí Iorrais, Erris Farmers Market in Belmullet town. Following the blessing of the market by Fr Judge, Clr Tim Quinn, addressed the large crowd in attendance, stating that it was a historic day and represented the first ever farmers market in the Erris area. Fear an tí Seán Carey explained that a huge amount of organisation went into the project to bring it to fruition and thanked the various individuals and agencies involved. He then invited Nicole Geraghty (young Erris Person of the Year) to perform the official opening.

A growing awareness among consumers in relation to food quality, origin, distance travelled and seasonality has been the basis for this exciting new venture. The farmers market provides a forum for local producers to develop new food initiatives and offers consumers the opportunity to savour the taste and freshness of food produced or harvested less than twenty hours before. The market adds a new dimension to the life of the town and is an extra attraction for locals, tourists and visitors alike. The market showcases a variety of food which is produced within the Erris area. Why not sample the delicious range of fresh, seasonal produce available including vegetables, free range hen and duck eggs, home baking, fish, herbs & small plants, seaweed products and prepared dishes.

This project exemplifies an integrated partnership approach to development and Margadh Feirmeoirí

Iorrais would like to gratefully acknowledge the assistance of Comhar Iorrais Leader Teo, Erris Co-Op, Mayo County Council, Údarás na Gaeltachta, Comhar Dún Chaocháin Teo, Belmullet/Ballycroy Rural Social Scheme, Inver Community Council, Fís na Muingí-Iorrais, Áisleann Bhéal an Mhuirthead, Comhaltas Ceoltóirí Éireann, Portwest, Fr. Judge, Pascal O'Boyle and Nicole Geraghty.

*The market will be open every Saturday in the yard of Comhar Iorrais Teo (Erris Co-Op), Sráid an tSéipéil from 12.00 p.m. onwards. Why not come along and soak up the atmosphere with a cup of free trade tea or coffee and meet the local farmers and producers. Remember! **Think Local - Support Local.***



Amuigh i measc an chomhludair i lár an mhargaidh ag an seoladh oifigiúil.

CÚRSAÍ OILIÚNA / TRAINING COURSES

Bunchúrsa i Sláinteachas Bia / Primary Course in Food Hygiene

Eagraíodh an bunchúrsa i sláinteachas bia, atá deimhnithe ag Cumann na nOifigí Sláinte Timpeallachta, sa Seanscoil i gCeathrú Thaidhg. Tá traenáil san ábhar seo riachtanach dóibh siúd atá ag obair sa réimse ullmhú bia nó soláthar seirbhísí bia mar shampla tithe tabhairne, bialanna, óispidéal, siopaí caife, lóistín leaba agus bricfeasta nó mná tí a choinníonn scolairí le haghaidh an Choláiste Samhraidh.

The Primary Course in Food Hygiene, which is certified by the Environmental Health Officers' Association, was held in the Seanscoil, Ceathrú Thaidhg. Food Hygiene Training is a necessary requirement for those working in any food preparation/service areas for example bars, restaurants, hospitals, cafes etc. It is also important for people who operate bed and breakfast businesses and mná tí who provide accommodation for students attending the Coláiste Samhraidh.



Among those who participated on the course were Caitlín Ní Mhuileach, Áine Uí Chorrduibh, Nóra Uí hÉalaí, Lily Uí Chabhail, Christina Ní Fhlannabhra, Bríd Uí Chiardha, Máire B Uí Ghearbháin, Ríta Uí Ghearbháin, Cecily Ní Bhaoighealláin, Asta Augustinaviciute, Roma Zaliskeviciute, Bernadette Nic Aindriú, Freda Uí Mháille, Seosaimhín Uí Ghamhnán, Caroline Ní Chorrduibh-Fotheringham, Michelle Ní Mhuileach, Áine Bashford, Áine Uí Chonbhuí, Caitlín Uí Mhuineacháin, Máire Cáit Uí Mhurchú, Gearoidín Ní Mhaolfhábhail and Caitlín Uí Choinneacháin.



Bunchúrsa i Sláinteachas Bia / Food Preparation Course

Ag ócáid bronnta teastas in Óstán an Broadhaven Bay i mí Bealtaine bhronn an Feisire Eorpach Seán Ó Neachtain teastas FETAC Leibhéal 5 in Ullmhú Bia ar ocht mná déag as ceantar Dhún Chaocháin. Bhí an cúrsa seo, a bhí eagraithe ag Comhar Dún Chaocháin Teo i gcomhar le Meitheal Forbartha na Gaeltachta Teo agus FÁS, ar an dara cheann ba mhó tinreamh sa tír.

Eighteen women from the Dún Chaocháin area were presented with FETAC Level 5 certificates in Food Preparation by MEP Seán Ó Neachtain at a special ceremony in the Broadhaven Bay Hotel in May. This course, which was organised by Comhar Dún Chaocháin Teo in conjunction with Meitheal Forbartha na Gaeltachta Teo and FÁS, had the second largest attendance in the country.

An Teastas Eorpach sa Ghaeilge / European Certificate in Irish

Ar mhaith leat Gaeilge a fhoghlaim ón tús nó dul chun cinn a dhéanamh leis an méid atá agat agus cailíocht aitheanta a bhaint amach? Tá sé i gceist ag Comhar Dún Chaocháin Teo, i gcomhar le hIonad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad cúrsaí gaeilge a eagrú sa Seanscoil i gCeathrú Thaidhg d'fhoghlaimoirí fásta. Faoi láthair, tá cúrsaí ar fáil ag ceithre leibhéal cumais ag brath ar riachtanais. Bunaithe ar na ranganna agus ar na himeachtaí teanga eile a chuirfear ar fáil i rith an chúrsa, beidh deis ag daoine scrúdú a dhéanamh chun Teastas Eorpach na Gaeilge a bhaint amach.

Ranganna neamhfhoirmiúla atá i gceist leis an bhéim ar an nGaeilge labhartha agus na focail choitianta a úsáidtear sa ghnáthchaint. De réir a chéile cuirfidh an cúrsa le do mhuintín i dtuiscint agus i labhairt na teanga. Beidh comhairle curtha ar fáil chun cuidiú leat an leibhéal is fearr a oireann duit a roghnú. Má theastaíonn tuilleadh eolais uait téigh i dteagmháil le Treasa ag 097 88082 nó 087 1251642.

Would you like to learn Irish from the beginning or improve on the amount you already have and obtain a recognised qualification in the process? Comhar Dún Chaocháin Teo, in conjunction with The Languages Centre, University College Maynooth, intends to organise Irish courses in the Seanscoil, Ceathrú Thaidhg for adult learners. At present courses are available at four levels of competency depending on individual requirements. Based on the classes and on other language activities which are organised during the course, participants will have an opportunity to undertake an exam to obtain the European Certificate in Irish.

Classes are informal with an emphasis on spoken Irish and common phrases used in everyday conversation. The course will add to your confidence in understanding and speaking the language. Advice will be given to help you decide which course best suits your needs. If you require further information please contact Treasa on 097 88082 or 087 1251642.

MOL AN ÓIGE

Campaí Samhraidh / Summer Camps

Eagraíodh campaí samhraidh sa pharóiste ag Ceathrú Thaidhg (7ú go 11ú Iúil), Ros Dumhach (14ú go 18ú Iúil), Barr na Trá (21ú go 25ú Iúil) agus Inbhear (28ú Iúil go 1ú Lúnasa) i gcomhar le Coiste Campaí Samhraidh Iorrais faoi Scéim na gCampaí Samhraidh d'Aos Óg na Gaeltachta atá dá riaradh ag An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Cuireann na campaí imeachtaí siamsaíochta, oideachaisiúil agus cultúrtha ar fáil do pháistí bunscoile na háite.

Summer camps were organised in the parish at Ceathrú Thaidhg (7th to 11th July), Ros Dumhach (14th to 18th July), Barr na Trá (21st to 25th July) and Inbhear (28th July to 1st August) in conjunction with Coiste Campaí Samhraidh Iorrais under the scheme Scéim na gCampaí Samhraidh d'Aos Óg na Gaeltachta which is administered by The Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs. The camps provide enjoyable, educational and cultural activities for primary school children in the area.

IMEACHTAÍ SIÚLÓIDE / WALKING ACTIVITIES

La Domhanda Chroí / World Heart Day

Cuir ort do bhróga, téigh amach ag siúl le haghaidh leath uair a' chloig, cúig lá na seachtaine, agus déanfaidh tú maitheas do do chroí. Sin é an teachtaireacht a bhí ag Foras Chroí na hÉireann agus é ag fógairt Lá Domhanda Chroí, a thiteann ar an Domhnach, an 5ú Deireadh Fómhair. Aclaíocht iontach atá sa tsiúlóid chun stríosa a íslú, do mheáchan a bhainistiú agus galar chroí a sheachaint.

Ar fud na hÉireann táthar ag súil go mbeidh breis agus 10,000 duine, idir óg agus aosta, ag glacadh páirt san imeacht i mbliana. Tá sé i gceist siúlóid a eagrú ar Shlí na Sláinte Ceathrú Thaidhg, ag tosnú ag an Seanscoil ag 3.00 i.n. Bígí linn!

Let's Go Walking for 30 minutes is the latest message from the Irish Heart Foundation to encourage everyone to walk their way to healthier hearts. This year World Heart Day falls on Sunday, 5th October and young and old from all over Ireland, are set to hit the outdoors for the biggest walking event in the country. Youth groups, fitness groups, active retirement groups and work colleagues will don their most comfortable shoes and go walking for fun.

In Ireland, more than 10,000 people are expected to take to their feet to get their hearts pumping. The Irish Heart Foundation recommends 30 minutes physical activity per day, five days per week. Cardiovascular disease is Ireland's biggest killer, claiming nearly 10,000 lives each year. But going for a regular walk at a moderate pace, can go a long way to reduce the risks. In fact, regular physical activity has been shown to reduce the risk of stroke by over 25 per cent and the risk of coronary heart disease by over 40 per cent.

As part of World Heart Day a walk will be organised along Slí na Sláinte Ceathrú Thaidhg, starting at the Seanscoil at 3.00 p.m.

These Boots Were Made For Walking

Reáchtáilfear Lá Náisiúnta na gCosán don chéad uair ar an Domhnach, an 28ú Meán Fómhair. Páirtíocht oibre atá sa tionscadal seo idir Fáilte Ireland, Coillte, Comhairle na Tuaithe, Oifig na gCosán Náisiúnta agus An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus é mar aidhm aige daoine a chur ar an eolas maidir leis an ngreasán cosáin atá le fáil in Éireann. Míníonn Sean Quinn, Oifigeach Feidhmeannach Fáilte Ireland, gur

bealach é Lá Náisiúnta na gCosán chun aird an phobail a dhíriú ar an méid agus ar an eagsúlacht cosán atá le fáil ar fud na tíre. Ag an seoladh dúirt an tAire Éamon Ó Cúiv go dtugann Lá Náisiúnta na gCosán deis do chuile dhuine dul amach faoin aer agus taitneamh a bhaint as áiseanna caitheamh aimsire tuaithe. Mar chuid den ócáid tá sé beartaithe siúlóid a eagrú ar Lúb Ceathrú Thaidhg, ag tosnú ag an Seanscoil ag 3.00 i.n.

Ireland's first National Trails Day will take place on Sunday 28th September. The initiative is a joint venture involving Fáilte Ireland, Coillte, Comhairle na Tuaithe, the National Trails Office and the Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs and its purpose is to create an awareness of Ireland's trail network. Shaun Quinn, CEO of Fáilte Ireland, explains that "the National Trails Day is a great way to highlight the abundance of trails now available and accessible throughout the country". At the launch Minister Éamon Ó Cúiv stated that the National Trails Day gives everyone the chance to get outdoors and enjoy rural recreational facilities. To mark the occasion a walk will be organised along the Ceathrú Thaidhg loop, starting at the Seanscoil at 3.00 p.m.

SCÉALTA EILE / OTHER NEWS

Maidin Caife / Coffee Morning

Tá Bantracht Dún Chaocháin ag eagrú maidin caife sa Seanscoil i gCeathrú Thaidhg ar an 18ú Meán Fómhair idir 10.00 r.n. agus 1.00 ar mhaithe le Cumann Oispíse Mhaigh Eo - Ros Comáin. Fáilteofar roimh do thacaíocht.

Bantracht Dún Chaocháin is organising a coffee morning in the Seanscoil, Ceathrú Thaidhg on Thursday 18th September between 10.00 a.m. and 1.00 p.m. in aid of the Mayo Roscommon Hospice Foundation. We welcome your support for this worthwhile cause.

Seirbhísí Cúraim Leanai / Childcare Services

Beidh Naíonra Dhún Chaocháin, Seirbhís Iar-scoile Dhún Chaocháin agus Naíonra Ghleann na Muaidhe ag ath-oscailt ar an 1ú Meán Fómhair 08. Tá foirmeacha clárúcháin agus breis eolais le fáil ó Chaitlín 097 88977 agus ó Mháire Cáit 097 88863.

Naíonra Dhún Chaocháin, Seirbhís Iar-scoile Dhún Chaocháin and Naíonra Ghleann na Muaidhe will be re-opening on 1st September 08. If you require

registration forms or additional information please contact Caitlín on 097 88977 and Máire Cáit on 097 88863.

Comhdháil Idirnáisiúnta na bPortach / International Conference on Peatlands

I mí Meithimh thug os cionn daichead saineolai portach as tíortha éagsúla na hEorpa, an Albain agus Ceanada cuairt ar Cheathrú Thaidhg mar chuid de Chomhdháil Idirnáisiúnta na bPortach. Faoi threor Denis Strong ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus An Fiadhúlra, chomh maith le treoraithe áitiúla, tugadh an grúpa ar thuras chomh fada leis na hailt ag Cill a' Ghallagáin agus an gcóras machaire ag Cnoc a' Ghairtéil.

In June a group of over forty experts from various European countries, Scotland and Canada visited Ceathrú Thaidhg as part of an International Conference on Peatlands. Accompanied by Denis Strong from The National Parks and Wildlife Service, as well as local guides, the group was given a tour of the cliffs at Cill a' Ghallagáin and the protected machair system at Cnoc a' Ghairtéil.

Suirbhé Seandalaíochta / Archaeological Survey

Cuireadh tús le suirbhé ar iarsmaí seandalaíochta an pharóiste i rith an tSamhridh. Diana Taylor, atá ar scéim fostaíochta pobail, atá i mbun na hoibre agus í ag aimsiú go leor láithreáin spéisúla, tuamaí meigiliteacha san áireamh. Tá sé beartaithe ag Comhar Dún Chaocháin Teo torthaí an tsuirbhé a fhoilsiú amach anseo.

An archaeological survey of the parish commenced during the summer. Diana Taylor, a participant on the community employment scheme, is undertaking the project and already she has discovered a number of interesting sites including possible megalithic tombs. Comhar Dún Chaocháin Teo intends to publish the findings of the survey at a future date.